

LÁNCHOSC: 14 Bealtaine 2024 06:00 Am Lár na hEorpa

Ciapadh agus foréigean i gcoinne daoine LADTIA ag dul i méid

Tá níos mó daoine LADTIA san Eoraip oscailte anois maidir le cé hiad féin. Ag an am céanna, bíonn níos mó foréigin, ciaptha agus bulaíochta os a gcomhair ná riamh. Is fíor sin go háirithe i gcás daoine óga LGBTIQ, atá an-leochaileach. Is iad seo a leanas cuid de thorthaí an tsuirbhé is déanaí ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), bunaithe ar fhreagairtí ó níos mó ná 100 000 duine LGBTIQ ar fud na hEorpa.

Sa tuarascáil '[LGBTIQ equality at a crossroads: progress and challenges](#)' [Comhionannas LADTIA in uair na cinniúna: dul chun cinn agus dúshlán] léirítear na heispéiris, na tuairimí agus na dúshlán atá roimh dhaoine LADTIA san Eoraip. Leagtar béim inti freisin ar na hathruithe ó shuirbhéanna FRA roimhe seo in [2019](#) agus in [2012](#).

Léiríonn na torthaí go bhfuil dul chun cinn mall ach de réir a chéile ann. Cé go bhfuil an t-idirdhealú in aghaidh daoine LADTIA fós ard, tá sé ag laghdú de réir a chéile. Déileálann scoileanna le saincheisteanna LADTIA ar bhealach níos dearfaí agus níos réamhghníomhaí, agus braitheann daoine óga go dtacaíonn a múinteoirí agus a bpiaraí níos mó leo. Mar sin féin, tá leibhéil arda bulaíochta, ciaptha agus foréigin bainte amach.

I measc phríomhthorthaí an tsuirbhé tá:

- **Oscailteacht:** tá níos mó ná duine amháin as beirt oscailte anois faoina gclaonadh gnéasach, a bhféiniúlacht inscne agus a léiriú inscne, agus a saintréithe gnéis. Ach seachnaíonn an chuid is mó de dhaoine fós lámha a choinneáil lena bpáirtí den ghnéas céanna go poiblí ar eagla go ndéanfaí ionsaí orthu.
- **Idirdhealú:** déantar idirdhealú ar níos mó ná duine amháin as triúr ina saol laethúil mar gheall ar cé hiad féin. Is laghdú beag é sin ó bheirt as cúigear in 2019. Mar sin féin, tá an t-idirdhealú fós dofheicthe toisc nach dtuairiscíonn ach duine amháin as deichniúr eachtraí.
- **Foréigean:** d'fhulaing níos mó ná duine amháin as deichniúr foréigean sna cúig bliana roimh an tsuirbhé, beagán níos mó ná in 2019. Rinneadh ionsaí ar níos mó ná duine amháin as gach triúr idirghnéasacha.
- **Ciapadh:** rinneadh ciapadh fuathspreagtha ar bhreis is duine amháin as beirt, méadú ó dhuine amháin as gach triúr in 2019. Rinneadh ciapadh ar bheirt as gach triúr idirghnéasacha agus trasinscneacha.
- **Bulaíocht:** deir níos mó ná beirt as gach triúr go ndearnadh bulaíocht orthu ar scoil, thar gach glúin agus i dtíortha uile an AE. Is méadú géar é sin i gcomparáid le duine amháin as beirt in 2019.

- **Oideachas:** tugann scoileanna aghaidh ar shaincheisteanna LADTIA níos minice ná riamh. Deir níos mó ná dalta amháin LADTIA as gach cúigear anois gur thug a scoil aghaidh ar an tsaincheist go dearfach.
- **Sláinte mheabhrach:** rinne níos mó ná duine amháin as gach triúr machnamh ar lámh a chur ina mbás féin. Deir níos mó ná leathchuid de dhaoine trasinscne, neamh-dhénártha agus daoine atá éagsúil ó thaobh inscne de go bhfuil smaointe féinmharaithe acu.
- **Cleachtais 'athraithe':** Deir duine amháin as gach ceathrar gur cuireadh iallach orthu dul trí chleachtais athraithe chun a gclaonadh gnéasach nó a bhféiniúlacht agus léiriú inscne a athrú.
- **Rialtais:** Ní mheasann ach duine amháin as gach ceathrar go bhfuil a rialtais ag dul i ngleic leis an réamhchlaonadh agus leis an éadulaingt i gcoinne daoine LADTIA, i gcomparáid le duine amháin as gach triúr in 2019.

Dírítear aird sa tuarascáil freisin go bhfuil éagsúlacht shuntasach idir eispéiris daoine LADTIA ar fud an AE agus go bhfuil dúshláin éagsúla roimh gach grúpa.

Bíonn níos mó ciaptha agus foréigin os comhair daoine idirghnéasacha, trasinscne, neamhdhénártha agus daoine atá éagsúil ó thaobh inscne de. Is mó an seans go meadh fadhbanna meabhairshláinte agus smaointe féinmharaithe acu. Is mó an seans freisin go mbeadh siad gan dídean agus go mbeadh deacrachtaí acu rochtain a fháil ar chúram leighis. Is fíor sin freisin i gcás daoine LADTIA atá faoi mhíchumas, daoine atá i gcruatan airgeadais nó baill de ghrúpaí eitneacha, ciníocha nó mionlaigh eile.

Tacóidh torthaí an tsuirbhé leis an gCoimisiún Eorpach meastóireacht a dhéanamh ar a [Straitéis um Chomhionannas LADTIA](#) agus cuideoidh siad le beartais a chur chun cinn chun cearta bunúsacha daoine LADTIA a chosaint agus a chur chun cinn. Iarrann FRA ar rialtais gníomhú:

- **Coireacht fuatha:** cultúr neamhfhulaingthe a fhorfheidhmiú i leith an fhoréigin agus an chiaptha ar dhaoine LADTIA. Infheistíocht a dhéanamh in oiliúint do phóilíní chun a áirithiú go ndéanann siad coireacht fuatha LADTIA a aithint, a thaifeadadh agus a imscrúdú i gceart ionas go mbraitheann íospartaigh sábháilte ionsaithe a thuairisciú agus go gcaitear go cothrom leo. Smaoineamh ar inspreagadh claonta mar thosca géaraitheacha le linn imeachtaí coiriúla.
- **Idirdhealú:** dul i ngleic le hidirdhealú i ngach réimse trí Threoir an AE maidir le Cóir Chomhionann agus Treoracha Caighdeán an Chomhlachta Comhionannais a ghlacadh. Comhlachtaí comhionannais a chumhachtú agus acmhainní cuí a thabhairt dóibh ionas gur féidir leo tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh ar bhealach níos fearr.
- **Fuath ar líne:** dul i ngleic le fuath ar líne agus le feachtais bhréagaisnéise i gcoinne daoine LADTIA. Aghaidh a thabhairt ar an riosca claontachta in algartaim agus ar chuntasacht na n-ardán digiteach faoi dhlí an AE.
- **Oideachas:** timpeallachtaí foghlama sábháilte agus tacúla a dhéanamh de scoileanna do gach leanbh. Dul i ngleic leis an mbulaíocht agus a áirithiú go dtógfaidh curaclaim agus córais oideachais ar dhea-chleachtais a chuireann an tAontas Eorpach chun cinn.

- **Cúram sláinte:** rochtain shlán ar chúram sláinte ar ardchaighdeán a dhaingniú, lena n-áirítear tacaíocht mheabhairshláinte. Deireadh a chur le cleachtais 'athraithe' agus le hidirghabhálacha leighis nach bhfuil ríthábhachtach.

Sliocht ó Stiúrthóir FRA [Sirpa Rautio](#): *"Níor cheart go mbeadh sé ina streachailt trí bheith i do dhuine LADTIA go follasach san Eoraip. Cé go bhfuil comharthaí dul chun cinn ann, bíonn bulaíocht, ciapadh agus foréigean fós ina mbagairtí leanúnacha. Tá sé in am gníomhú go cinntitheach agus tógáil ar an dul chun cinn atá déanta againn, ionas go gcaithfear go cothrom le gach duine san AE agus gur féidir leo maireachtáil le dínit agus le meas."*

Sliocht ón gCoimisinéir um Chomhionannas, Helena Dalli: *"Cuireann torthaí shuirbhé FRA sonraí luachmhara ar fáil maidir le heispéiris daoine LADTIA ar fud na hEorpa. Cabhraíonn siad linn an dul chun cinn atá déanta againn a aithint agus aird á tarraingt ar na dúshláin atá romhainn fós. Molaim do na Ballstáit uile na sonraí a úsáid chun beartais láidre a chur ar fáil chun an t-idirdhealú a chomhrac agus chun cearta gach duine LADTIA a chosaint."*

Tarraingíonn an suirbhé seo ar thorthaí ó níos mó ná 100,000 freagróir as gach ceann de 27 tír an AE, as an Albáin, as Poblacht na Macadóine Thuaidh agus as an tSeirbia.

Cuirfidh FRA an tuarascáil i láthair ag an imeacht ['Pride Alliances and Policy'](#) a d'éagraigh Uachtaránacht na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh sa Bhruiséil ar an 17 Bealtaine.

Go luath ceadóidh taiscéalaí sonraí FRA sonraí a scagadh de réir na nithe seo a leanas: tír, ceist an tsuirbhé agus claonadh gnéis, féiniúlacht agus léiriú inscne, agus tréithe gnéis.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach an [pacáiste preasa](#) nó téigh i dteagmháil le: media@fra.europa.eu / Teil.: +43 1 580 30 653

Is é Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh a d'aistrigh an phreaseisiúint seo ach ní dhearna saineolaithe FRA léamh profaí uirthi.